
**4** Is féidir an fearas driogtha atá taispeánta thíos a úsáid le meascán d'eatánól agus d'uisce a dheighilt.




**(a)** Ainmnigh an píosa fearais atá lipéadaithe **X**.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Cad é an téarma ginearálta a úsáidtear le cur síos ar leachtanna, amhail eatánól a bhailítear le linn an phróisis driogtha sin?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Cuirtear síos ar eatánól agus uisce mar inmheasctha. Cad é a chiallaíonn an téarma **inmheasctha**?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**5** Is comhábhar gníomhach í carbónáit mhaignéisiam a fhaightear i gcógais a úsáidtear le mí-dhíleá a chóireáil.



**(a)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Tá barraíocht ______________________________ sa ghoile ina chúis le mí-dhíleá. [1]

**(b)** Nuair a úsáidtear carbónáit mhaignéisiam le mí-dhíleá a chóireáil, tarlaíonn imoibriú sa ghoile a tháirgeann salann, uisce agus gás.

**(i)** Cén t-ainm a thugtar ar an **chineál** sin imoibrithe?

______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an gás a tháirgtear nuair a úsáidtear carbónáit mhaignéisiam le mí-dhíleá a chóireáil.

______________________________ [1]

Is é (g) an tsiombail staide don ghás a tháirgtear. Is tuaslagán uiscí é an salann a tháirgtear san imoibriú sin.

**(iii)** Cad é an tsiombail staide faoi choinne tuaslagán uiscí?

______________________________ [1]

**(b)** Tá roinnt faisnéise ar dhúile Ghrúpa 7 (na halaiginí) tugtha thíos.

| **Halaigin** | **Dlús / g/cm³** | **Leáphointe / °C** | **Fiuchphointe / °C** |
|---|---|---|---|
| fluairín | 0.002 | –220 | –188 |
| clóirín | 0.003 | | –34 |
| bróimín | 3.10 | –7 | 59 |
| iaidín | 4.93 | 114 | 184 |
| astaitín | 8.95 | 302 | 337 |

Bain úsáid as an fhaisnéis sin agus as do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

De réir mar a ______________________ uimhir adamhach na halaiginí, ______________________ fiuchphointe na halaiginí. [1]

**(ii)** Tuar an leáphointe de chlóirín.

______________ °C [1]

**(iii)** Cé acu de na halaiginí ar **leacht** é ag teocht an tseomra (20 °C)?


______________________________________ [1]

**(iv)** Cá mhéad leictreon a chaithfidh adamh de dhúil Ghrúpa 7 a **ghnóthú** le go mbeidh sceall seachtrach lán aige?

______________ [1]

[Tiontaigh an leathanach

**7 (a)** Taispeánann an léaráid thíos an nascadh i móilín meatáin, $CH_4$.




**(i)** Ainmnigh an cineál nasctha i móilín meatáin agus cuir síos, i dtéarmaí leictreon, ar an dóigh a bhfoirmítear an nasc idir an t-adamh carbóin agus ceann amháin de na hadaimh hidrigine.

______________________________


______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh **comhdhúil** eile a bhfuil an cineál nasctha céanna aici is atá ag meatán.

______________________________ [1]

Taispeántar hidreacarbón eile thíos.




**(iii)** Ainmnigh an tsraith homalógach lena mbaineann an hidreacarbón sin.

______________________________ [1]

**(iv)** Comhlánaigh an chothromóid chothromaithe siombailí thíos faoi choinne dóchán iomlán eitéine.

$C_2H_4$ + ⟶ +

[3]

**(b)** Is féidir eitéin a úsáid le poileitéin a tháirgeadh.

**(i)** Cad é an staid fhisiceach ag a bhfuil eitéin ag teocht an tseomra?

______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an próiseas a tháirgeann poileitéin ó eitéin agus cuir síos, i dtéarmaí nasc, ar a dtarlaíonn sa phróiseas sin.

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

Nuair a fhaightear réidh le poileitéin i láithreáin líonta talún, ní bhristear síos í agus fanann sí ann go ceann i bhfad.

**(iii)** Cad é an **téarma** a úsáidtear le cur síos ar ábhar nach féidir le miocróib é a bhriseadh síos?

______________________________ [1]

